Department of
Education
www.education-ni.gov.uk

# TransformED

## Curaclam Thuaisceart Éireann 2028:
## Treoracha Gairide do Scoileanna

### TREOIR 7: NA CUMAIS



# Cuspóir na treorach seo

Ceann de na gnéithe is sainiúla den Churaclam Thuaisceart Éireann 2028 atá beartaithe ná tabhairt isteach sraith cumais. Mínítear sa treoir seo cad iad na cumais, cén fáth ar cuireadh san áireamh iad agus cén fáth a bhfuil siad tábhachtach do scoileanna i mbun cleachtais.

Cuireann na cumais ceangal ar fáil idir aidhm agus cuspóirí foriomlána an churaclaim, agus eispéiris foghlama laethúla na ndaltaí. Cuidíonn siad le míniú a thabhairt ar an dóigh a dtacaíonn curaclam ar mhórán eolais le daoine óga a fhorbairt mar dhaoine aonair, mar bhaill den tsochaí, mar rannpháirtithe sa gheilleagar, mar chaomhnóirí an chomhshaoil agus mar fhoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil.

# Cad chuige a bhfuil na cumais tábhachtach?

Ní mhíníonn ábhar an churaclaim amháin go hiomlán cad é mar a chuireann oideachas ar chumas daoine óga a bheith faoi bhláth agus roghanna feasacha a dhéanamh ar feadh a saoil.

Rinne go leor córas oideachais iarracht aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo fríd scileanna nó inniúlachtaí inaistrithe. Mar sin féin, uaireanta is féidir le cineálacha cur chuige den sórt sin a bheith ina gcúis le hiniúchadh iomarcach agus ró-bhéim ar scileanna inaistrithe a léiriú. Dá bhrí sin, glacann Curaclam Thuaisceart Éireann 2028 atá beartaithe le coincheap an chumais. Meastar gur cáilíochtaí agus tréithe iad cumais a thagann chun cinn nuair a éiríonn le daltaí curaclam dian ar mhórán eolais a fhoghlaim.

# Cad is cumais ann?

Is iad cumais na cáilíochtaí agus na tréithe atá ag teacht chun cinn a fhorbraíonn daoine óga fríd churaclam dea-dheartha agus dea-theagasctha.

Ní:

- hábhair éagsúla iad;
- hábhar breise curaclaim iad;
- scileanna bunúsacha iad a theagasctar ina n-aonar;
- creatlacha inniúlachta iad le rianú;
- critéir mheasúnaithe iad; nó
- seicliostaí iad le hiniúchadh.

Ina áit sin, eascraíonn cumais nuair a bhíonn daltaí ag gabháil go gníomhach agus go cuspóireach le smaointe, faisnéis, scéalta, gníomhaíochtaí, íomhánna, sonraí, teoiricí, argóint, réiteach fadhbanna, cinnteoireacht, amhráin agus ealaín, atá i gcroílár curaclaim ar mhórán eolais. Ós rud é go dtagann na cumais ó ábhair a theagasctar go maith, níor cheart do scoileanna cumas a mheasúnú, a rianú, a iniúchadh ná a léiriú.

# Na Cumais

Sa churaclam atá beartaithe, aithnítear cumais a eascraíonn as an taithí chomhcheangailte foghlama i réimse ábhar, lena n-áirítear cumais don mhéid seo a leanas:

- Cruthaitheacht agus samhlaíocht
- Tuiscint mhothúchánach agus comhbhá
- Freagracht chomhshaoil agus éiceolaíoch
- Teanga agus cumarsáid
- Inniúlacht mhatamaiticiúil agus ríomhaireachtúil
- Sláinte agus folláine fhisiciúil
- Réasúnaíocht agus réiteach fadhbanna
- Foghlaim féinrialaithe agus buanseasmhacht
- Rannpháirtíocht shóisialta agus shibhialta

# Cad é mar a fhorbraítear na cumais fríd churaclam atá ar mhórán eolais?

Gné thábhachtach de na cumais is ea nach bhfuil aon ábhar aonair freagrach as cumas a fhorbairt. Eascraíonn gach cumas as staidéar a dhéanamh ar níos mó ná ábhar amháin. Neartaíonn an cur chuige seo an tábhacht a bhaineann le curaclam leathan, cothrom agus ar mhórán eolais. Eascraíonn na cumais go nádúrtha as teagasc éifeachtach an churaclaim de réir mar a bhíonn níos mó eolais ag daltaí, níos mó tuisceana acu agus is féidir leo an méid atá foghlamtha acu a chur i bhfeidhm ar bhealaí fiúntacha.

Le chéile déanann siad cur síos ar an toradh beartaithe a bhaineann le teagasc an churaclaim ina iomláine.

Mar shampla:

- forbraíonn cruthaitheacht fríd eolas daingean agus tuiscint leathan chultúrtha sna healaíona, sa litríocht, san eolaíocht agus sa teicneolaíocht;
- fásann comhbhá fríd thuiscint a fháil ar thaithí agus ar dhearcthaí an duine sa litríocht, in PSSG (Pearsanta, Sóisialta, Sibhialta agus Gairmeacha), sa stair agus sna teangacha;
- forbraíonn réasúnaíocht fríd dhul i ngleic le fianaise, coincheapa agus smaointe sa mhatamaitic, san eolaíocht, sna daonnachtaí agus na healaíona; agus
- Forbraíonn rannpháirtíocht shibhialta fríd eolas ar an tsochaí, ar an chultúr agus ar an tsaol daonlathach sa stair, sa tíreolaíocht, in PSSG agus sa tsaol scoile níos leithne.

Cuireann cumais teanga chomhroinnte ar fáil le measúnú a dhéanamh ar thorthaí níos leithne an oideachais a d’fhéadfadh teacht chun cinn agus iad ag coinneáil ríthábhacht an eolais ar an ábhar agus na múinteoireachta ardchaighdeáin ag an am chéanna.

# Ceisteanna plé do scoileanna

1. Cén dóigh a dtugann na cumais pictiúr soiléir ar an dóigh ar cheart don oideachas cuidiú le daoine óga a fhorbairt ar bhealach ar leith?

2. Cé chomh maith agus a thuigeann tú cuspóir na gcumas taobh istigh de churaclam ar mhórán eolais?
3. Cad iad na buntáistí a bhaineann le haitheantas a thabhairt do na cumais a thagann chun cinn fríd fhoghlaim ábhair seachas iad a theagasc agus a mheasúnú ar leithligh?
4. Cé chomh maith agus a oireann na cumais don fhís agus do luachanna do scoile ar mhaithe le foghlaimeoirí?

# Príomhtheachtaireacht

**Déanann na cumais cur síos ar na torthaí níos leithne a thagann chun cinn nuair a bhíonn oideachas den ardchaighdeán ar mhórán eolais curtha ar fáil do dhaoine óga. Ní ábhar breise iad le teagasc ná le measúnú. Ina áit sin, cuireann siad teanga chomhroinnte ar fáil le tuiscint a fháil ar na bealaí ina bhforbraíonn foghlaim ábhair daoine óga ar féidir leo smaoineamh go criticiúil, cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach, páirt a ghlacadh go freagrach agus roghanna feasacha a dhéanamh ar feadh a saoil.**

# Léitheoireacht mholta

- Curaclam 2028: Na Cumais